



An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8577/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0047(COD)

LIMITE

TELECOM 174
COMPET 270
MI 322
DATAPROTECT 116
JAI 554
JUSTCIV 52
PI 45
CODEC 571

NÓTA

ó: An Uachtaránacht

chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Uimh. an doic. ón 6596/22

gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (an Ionstraim um Shonraí)
- Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialacháin lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (An Gníomh um Shonraí) an 23 Feabhra 2022¹. Tar éis an Ghnímh um Rialachas Sonraí, seo an dara ceann de shraith beart a mhol an Coimisiún, mar a fógraíodh sa Straitéis Eorpach maidir le Sonraí in 2020².

¹ 6596/22.

² [COM/2020/66 final](#).

2. Is iad príomhchuspóirí an togra ón gCoimisiún, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, cothroime a áirithiú i leithdháileadh luacha ó shonraí i measc gníomhaithe sa gheilleagar sonraí agus rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a chothú. Is píosa reachtaíochta cothrománach atá ann agus ba cheart í a chomhlánú go luath le reachtaíocht bhreise le haghaidh earnálacha sonracha. Go sonrach, tá sé mar aidhm leis an togra le haghaidh Gníomh um Shonraí rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí a éascú trí dheimhneacht dhlíthiúil a mhéadú maidir le comhroinnt sonraí arna nginiúint trí úsáid táirgí (e.g. Idirlíon na Rudaí Nithiúla), rialacha a bhunú chun cothroime a mhéid a bhaineann le conarthaí comhroinnte sonraí a áirithiú agus cead a thabhairt do chomhlachtaí na hearnála poiblí úsáid a bhaint as sonraí atá i seilbh cuideachtaí i gcásanna áirithe ina bhfuil gá eisceachtúil le sonraí. Tá sé mar aidhm leis an togra freisin athrú soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a éascú, coimirce i gcoinne aistriú neamhdhleathach sonraí ag soláthraithe néalseirbhísí a chur i bhfeidhm agus foráiltear d'fhorbairt caighdeán idir-inoibritheachta maidir le sonraí a athúsáid idir earnálacha.
3. I bParlaimint na hEorpa, ainmníodh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) mar an coiste atá freagrach as caibidlíocht a dhéanamh maidir leis an nGníomh um Shonraí. I Márta 2022, cheap an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) Pilar Del Castillo Vera (PPE, an Spáinn) mar rapóirtéir. Mar sin féin, tá inniúlachtaí agus módúlachtaí rannpháirtíochta na gcoistí eile (IMCO, JURI agus LIBE) á gcinneadh ag Parlaimint na hEorpa fós.
4. Iarradh ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ar Choiste Eorpach na Réigiún, an 29 Márta 2022 agus an 12 Bealtaine 2022 faoi seach, a dtuairimí maidir leis an togra a thabhairt. Tá na tuairimí fós ar feitheamh.
5. An 5 Bealtaine 2022, d'eisigh Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) tuairim chomhpháirteach maidir leis an togra³.

³ [EDPB-EDPS Joint Opinion 2/2022 on the Proposal of the European Parliament and of the Council on harmonised rules on fair access to and use of data \(Data Act\).](#)

II. OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

6. Sa Chomhairle, rinneadh scrúdú ar an togra sa Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise (dá ngairtear anseo feasta ‘an Mheitheal um Theileachumarsáid’). Scrúdaigh an Mheitheal um Theileachumarsáid an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 1, an 10, an 22, an 29 agus an 31 Márta, an 5 agus an 26 Aibreán 2022 agus an 3 Bealtaine 2022. Le linn na gcruinnithe sin, chuir an Coimisiún téacs iomlán an togra i láthair go mion, mar aon leis an measúnú tionchair a ghabhann leis. Bhí na toscaireachtaí in ann a gcuid ceisteanna tosaigh a chur agus tuairimí a mhalartú go tapa maidir leis an gcuid is mó de ghnéithe an togra. **Dá bhrí sin, ag an gcruinniú a bhí ag an Mheitheal um Theileachumarsáid an 3 Bealtaine 2022, thug Uachtaránacht na Fraince an chéad léamh ar an nGníomh um Shonraí atá beartaithe i gcrích.**
7. Chomh maith leis an obair a rinneadh sa Mheitheal um Theileachumarsáid, d’eagraigh Uachtaránacht na Fraince trí cheardlann ina raibh an Coimisiún agus saineolaithe ó na príomhchathracha rannpháirteach, bunaithe ar cheisteanna agus iarrataí ar shoiléiriú a chuir na toscaireachtaí isteach i scríbhinn roimh ré. Leis na ceardlanna a bhí ar siúl an 13, an 20 agus an 25 Bealtaine, bhí na toscaireachtaí in ann breathnú níos géire ar na hábhair a chumhdaítear leis an nGníomh um Shonraí atá beartaithe agus ag an am céanna éascaíodh idirghníomhaíocht dhíreach idir na saineolaithe atá lonnaithe sna príomhchathracha agus an Coimisiún. Ba mhór ag na toscaireachtaí na ceardlanna agus moladh iad as na soiléirithe riachtanacha a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a bhféadfadh cuid de na forálacha atá beartaithe oibriú go praiticiúil.
8. An 25 Bealtaine 2022, d’iarr Uachtaránacht na Fraince ar na Ballstáit a moltaí tosaigh maidir le dréachtú agus a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir le téacs iomlán an togra a thíolacadh faoin 10 Meitheamh 2022.

9. Cé go bhfuil an plé maidir leis an nGníomh um Shonraí atá beartaithe ag céim an-luath sa Mheitheal um Theileachumarsáid, ba dhíol sásaimh d'fhormhór na mBallstát an togra agus na príomhforálacha a ghabhann leis mar chéim thábhachtach i bhforbairt gheilleagar sonraí na hEorpa. Ag an gcéim seo den phlé, sainithníodh roinnt saincheistanna ardleibhéil cheana féin agus meastar go mbeidh tuilleadh plé ag teastáil ina leith amach anseo:

Raon feidhme

- a) Cheistigh roinnt toscaireachtaí an rogha a rinneadh sa togra a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, go háirithe an cinneadh díriú ar shonraí Idirlíon na Rudaí Nithiúla amháin agus sonraí ó tháirgí eile a eisiáimh ó raon feidhme caibidlí áirithe. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil cur chuige den sórt sin róchúng agus, ar an gcúis sin, níor mhiste tuilleadh plé a dhéanamh ar an ábhar sin. Ag an am céanna, is cosúil go dtugtar aghaidh i gcaibidlí eile ar gach cineál sonraí, agus d'fhéadfadh sé gur ghá, mar sin, a shonrú ar bhealach níos sainráite sa togra le haghaidh rialacháin cé na codanna den togra a chumhdaíonn na cineálacha sonraí.

Sainmhínte

- b) Ina theannta sin, tugadh le fios gur tugadh sainmhínte nua ar roinnt téarmaí a úsáideadh sa Gníomh um Shonraí atá beartaithe cé go bhfuil siad sainmhínte cheana féin i reachtaíocht ghaolmhar eile amhail RGCS nó an Gníomh um Rialachas Sonraí. Beidh gá le tuilleadh plé chun a chinneadh an bhfuil údar leis na sainmhínte nua sin ar na téarmaí céanna agus an mbeadh sé níos oiriúnaí na sainmhínte atá ann cheana a chur ar ais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gur ghá roinnt téarmaí breise a shainmhíniú chun a áirithiú go ndéanfar na forálacha atá beartaithe a léirmhíniú ar bhealach aonfhoirmeach.

Idirghníomhaíocht leis an reachtaíocht chothrománach agus earnálach atá ann cheana

- c) Ní mór an gaol idir an Gníomh um Shonraí atá beartaithe agus reachtaíocht chothrománach ábhartha eile, amhail an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta agus an Gníomh um Rialachas Sonraí a scrúdú a thuilleadh, mar shampla maidir le ról na gcoistí éagsúla arna mbunú faoi na Rialacháin sin. Saincheist ríthábhachtach a mbeidh anailís le déanamh uirthi is ea inniúlacht na gcomhlachtaí a ainmneofar ar an leibhéal náisiúnta amach anseo agus faireachán á dhéanamh ar chásanna a thagann faoi roinnt córais éagsúla ag an am céanna.

Sonraí IoT (Idirlíon na Rudaí Nithiúla)

- d) Thug roinnt toscaireachtaí le fios go bhféadfadh sé gur ghá na forálacha maidir le luach a dháileadh feadh shlabhra luacha iomlán Idirlíon na Rudaí Nithiúla, mar a mholtar faoi láthair sa Gníomh um Shonraí, a oiriúnú chun sainiúlachtaí na n-earnálacha éagsúla agus an gá atá le cearta maoinne intleachtúla a chosaint a chur san áireamh. Chuir a lán toscaireachtaí in iúl an mian láidir atá acu na socruithe praiticiúla a shoiléiriú maidir le comhroinnt sonraí a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, measann siad gurbh inmhianaithe an téarmaíocht a shoiléiriú a thuilleadh.

Comhroinnt sonraí B2G ar bhonn riachtanais eisceachtúil

- e) Measann roinnt toscaireachtaí go bhfuil an sainmhíniú ar ‘riachtanas eisceachtúil’ thar a bheith leathan agus go dtagraíonn sé do dhá choincheap atá an-ghinearálta agus sách doiléir a bhfuil tábhacht phoiblí ag baint leo agus atá chun leas an phobail. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na bhforálacha B2G a áirithiú, is gá scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar conas ba cheart na coincheapa sin a thuiscint.

Seirbhísí próiséala sonraí a athrú

- f) Chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh inní orthu nach mbeadh tréimhse amháin 30 lá, a bhféadfaí síneadh 6 mhí a chur léi, ina achar iomchuí ama le haghaidh na gcásanna ar fad maidir le hathrú soláthraithe néalseirbhísí. Dá bhrí sin, beidh gá le coigeartuithe níos beaichte chun a áirithiú go mbeidh na forálacha atá i gceist chomh soiléir agus is féidir. Tháinig sé chun solais sa phlé freisin go raibh fíospéis ann bearta uailmhianacha maidir le hathrú soláthraithe a chur chun feidhme ar mhaithe le húsáideoirí néalseirbhísí Eorpacha.

III. CONCLÚID

Iarrtar ar Coreper an tuarascáil seo ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, d'fhonn í a chur faoi bhráid na Comhairle Teileachumarsáide (ITF) ag an gcruinniú a bheidh aici an 3 Meitheamh 2022.